*Uimhir* 18 *de* 1995

# An tAcht Rialtais Áitiúil (Cumhachtaí Díchónasctha Soláthair Uisce a Theorannú), 1995

[*An tiontú oifigiúil*]

*Uimhir* 18 *de* 1995

# AN tACHT RIALTAIS ÁITIÚIL (CUMHACHTAÍ DÍCHÓNASCTHA SOLÁTHAIR UISCE A THEORANNÚ), 1995

[*An tiontú oifigiúil*]

## RIAR NA nALT


Alt

1. Léiriú.
2. Muirear i leith soláthair uisce chun críoch tí.
3. Teorainn le scor de sholáthar uisce chun críoch tí.
4. Costais agus caiteachais údaráis sláintíochta.
5. Dlínse na Cúirte Dúiche.
6. Taifid.
7. Gearrtheideal, comhlua agus forléiriú.

AN SCEIDEAL

Coinníollacha chun Soláthar Uisce chun Críoch Tí a Scor

NA hACHTANNA DÁ dTAGRAÍTEAR

| | |
|---|---|
| Na hAchtanna um Fheidhmiú Orduithe Cúirte, 1926 agus 1940 | |
| An tAcht Rialtais Áitiúil (Forálacha Airgeadais) (Uimh. 2), 1983 | 1983, Uimh. 21 |
| An tAcht Rialtais Áitiúil (Seirbhísí Sláintíochta), 1962 | 1962, Uimh. 26 |
| Na hAchtanna Rialtais Áitiúil (Seirbhísí Sláintíochta), 1878 go 1962 | |
| *Public Health (Ireland) Act*, 1878 | 1878, c. 52 |

*Uimhir* 18 *de* 1995

# AN tACHT RIALTAIS ÁITIÚIL (CUMHACHTAÍ DÍCHÓNASCTHA SOLÁTHAIR UISCE A THEORANNÚ), 1995

[*An tiontú oifigiúil*]

ACHT DO DHÉANAMH SOCRÚ CHUN TEORANNÚ A DHÉANAMH AR CHUMHACHTAÍ ÚDARÁS SLÁINTÍOCHTA SCOR D'UISCE TÍ A SHOLÁTHAR MAR GHEALL AR NEAMHÍOCAÍOCHT MUIREAR AGUS I dTAOBH NITHE GAOLMHARA.

[18 *Iúil* 1995]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

Léiriú.

**1.—**(1) San Acht seo—

ciallaíonn "Acht 1962" an tAcht Rialtais Áitiúil (Seirbhísí Sláintíochta), 1962;

ciallaíonn "duine údaraithe" duine a bheidh ceaptha i scríbhinn ag údarás sláintíochta chun bheith ina dhuine údaraithe nó ina duine údaraithe chun críocha an Achta seo;

ciallaíonn "tomhaltóir" áititheoir áitribh a ndéantar soláthar uisce chun críoch tí a sholáthar dó nó di nó, i gcás go bhfuil an t-áitreabh neamháitithe nó nach le húdarás áitiúil é agus go bhfuil níos mó ná teaghais amháin ann, úinéir an áitribh;

ciallaíonn "an Chúirt" an Chúirt Dúiche;

ciallaíonn "alt 65A d'Acht 1878" an t-alt a cuireadh isteach san *Public Health (Ireland) Act*, 1878, le halt 7 d'Acht 1962 agus a leasaíodh le halt 8 den Acht Rialtais Áitiúil (Forálacha Airgeadais)(Uimh. 2), 1983;

ciallaíonn "ordú scoir uisce" ordú faoi *alt 3* den Acht seo.

Muirear i leith soláthair uisce chun críoch tí.

**2.—**(1) Ní bheidh feidhm ag fo-alt (6) d'alt 65A d'Acht 1878 maidir le muirear i leith soláthair uisce chun críoch tí.

(2) Maidir le muirear faoi alt 65A d'Acht 1878 i leith soláthair uisce chun críoch tí, íocfaidh an tomhaltóir é agus beidh sé inghnóthaithe uaidh nó uaithi.

Teorainn le scor de sholáthar uisce chun críoch tí.

**3.—**(1) Ní bheidh feidhm ag fo-alt (9) d'alt 65A d'Acht 1878 maidir le muirear i leith uisce chun críoch tí a ghnóthú.

(2) Féadfaidh údarás sláintíochta soláthar uisce chun críoch tí a scor ar soláthar uisce é—

(*a*) a bhfuil muirear ina leith gan íoc go hiomlán nó go páirteach, nó

(*b*) a bhfuil mainneachtain déanta ina leith maidir le híocaíocht atá dlite faoi ordú tráthchoda arna dhéanamh de bhun na nAchtanna um Fheidhmiú Orduithe Cúirte, 1926 agus 1940,

má údaraíodh dó déanamh amhlaidh le hordú ón gCúirt.

(3) Ní dheonófar ordú faoi *fho-alt (2)* den alt seo mura deimhin leis an gCúirt—

(*a*) i gcás mainneachtana maidir le híocaíocht lena mbaineann *mír (a)* den fho-alt sin, go ndearnadh na coinníollacha uile atá leagtha amach sa *Sceideal* a ghabhann leis an Acht seo a chomhlíonadh, cibé acu roimh thosach feidhme an Achta seo nó dá éis é, agus

(*b*) nár de dhroim cruatain a tharla an mhainneachtain ag an tomhaltóir íocaíocht a dhéanamh.

(4) Le linn don Chúirt breithniú a dhéanamh i dtaobh an ndéanfaidh sí ordú faoi *fho-alt (2)* den alt seo a dheonú nó nach ndéanfaidh sí, beidh aird aici ar imthosca pearsanta agus teaghlaigh an tomhaltóra.

(5) Ní dhéanfaidh údarás sláintíochta soláthar uisce chun críoch tí a scor ar soláthar uisce é a bhfuil muirear ina leith gan íoc go hiomlán nó go páirteach in aon chás ina ndearna an t-údarás sláintíochta an muirear go léir, nó cuid den mhuirear, i leith an tsoláthair uisce sin a tharscaoileadh de réir alt 65A (3) d'Acht 1878.

(6) In imeachtaí os comhair na Cúirte le haghaidh ordú scoir uisce, féadfaidh an t-údarás sláintíochta fianaise *prima facie* a thabhairt maidir le haon cheann de na nithe atá leagtha amach sa *Sceideal* a ghabhann leis an Acht seo trí ráiteas i scríbhinn ó dhuine údaraithe a thabhairt ar aird.

Costais agus caiteachais údaráis sláintíochta.

**4.—**(1) I gcás go ndeonóidh an Chúirt ordú scoir uisce, ordóidh sí don tomhaltóir, mura deimhin léi go bhfuil cúiseanna speisialta substaintiúla ann gan déanamh amhlaidh, na costais agus na caiteachais, arna dtomhas ag an gCúirt, a thabhaigh an t-údarás sláintíochta le linn a iarratas a dhéanamh ar ordú scoir uisce, agus a bhain leis an iarratas sin, a íoc leis an údarás sláintíochta.

(2) I gcás go ndéantar soláthar uisce a dhíchónascadh de bhun ordú scoir uisce, beidh an costas athchónasctha iníoctha ag an tomhaltóir agus beidh an costas scoir ar áireamh sa chostas sin.

(3) I gcás go ndearnadh soláthar uisce a scor de bhun ordú scoir uisce, beidh an costas scoir inghnóthaithe in aon imeachtaí chun an muirear i leith soláthair uisce chun críoch tí faoi alt 65A d'Acht 1878 a ghnóthú.

Dlínse na Cúirte Dúiche.

**5.—**Déanfaidh breitheamh den Chúirt a bheidh sannta de thuras na huaire don dúiche chúirte dúiche ina ndéanann an t-údarás sláintíochta an soláthar uisce chun críoch tí a sholáthar don tomhaltóir dlínse na Cúirte faoin Acht seo a fheidhmiú.

**6.—**(1)(*a*) Féadfaidh údarás sláintíochta taifid a bhunú agus a choimeád chun críocha an Achta seo. Taifid.

(*b*) Féadfar taifid dá dtagraítear i *mír (a)* a bhunú agus a choimeád i bhfoirm nach bhfuil inléite más féidir iad a athrú go foirm inléite.

(2) In aon imeachtaí beidh deimhniú arna shíniú ag duine údaraithe, ina mbeidh faisnéis a luaitear ina leith gur tógadh í as taifid arna gcoimeád faoin alt seo ag an údarás sláintíochta inghlactha mar fhianaise ar na fíorais a bheidh luaite sa deimhniú.

(3) In aon imeachtaí, aon doiciméad a airbheartaíonn gur deimhniú é faoi *fho-alt (2)*, measfar, mura rud é go suífear a mhalairt, gur deimhniú den sórt sin é agus gur shínigh duine údaraithe é.

**7.—**(1) Féadfar an tAcht Rialtais Áitiúil (Cumhachtaí Díchónasctha Soláthair Uisce a Theorannú), 1995, a ghairm den Acht seo. Gearrtheideal, comhlua agus forléiriú.

(2) Féadfar na hAchtanna Rialtais Áitiúil (Seirbhísí Sláintíochta), 1878 go 1995, a ghairm de na hAchtanna Rialtais Áitiúil (Seirbhísí Sláintíochta), 1878 go 1962, agus den Acht seo le chéile, agus forléireofar le chéile iad mar aon ní amháin.

*Alt 3.*

## AN SCEIDEAL

### Coinníollacha chun Soláthar Uisce chun críoch Tí a Scor

1. Sula ndéanfaidh údarás sláintíochta iarratas chun na Cúirte ar ordú scoir uisce, déanfaidh sé—

(*a*) éileamh (an "t-éileamh tosaigh") i scríbhinn a chur chuig an tomhaltóir maidir le muirear i leith soláthair uisce chun críoch tí ina léireofar:

(i) méid an mhuirir, agus

(ii) an dáta faoina bhfuil an muirear dlite lena íoc, agus

(*b*) más rud é, tar éis an t-éileamh tosaigh a chur, nach mbeidh muirear íoctha go hiomlán tar éis dó teacht chun bheith iníoctha, dhá éileamh eile i scríbhinn ar a laghad ("cuimhneacháin") a chur chuig an tomhaltóir agus—

(i) tar éis cuimhneacháin a chur, nó i dteannta iad a chur, fógra i scríbhinn ("fógra rabhaidh") a chur chuig an tomhaltóir ar dhá ócáid ar a laghad, ag cinntiú go mbeidh tréimhse ceithre lá dhéag ar a laghad caite idir an chéad fhógra rabhaidh den sórt sin a chur agus an dara fógra rabhaidh den sórt sin a chur, go bhféadfaidh an t-údarás sláintíochta, i gcás go mbeidh an muirear fós gan íoc, iarratas a dhéanamh chun na Cúirte ar ordú scoir uisce, agus

(ii) tar éis fógraí rabhaidh a chur, a áirithiú go seachadfar ar an tomhaltóir fógra i scríbhinn (an "fógra deiridh"), nó fógra den sórt sin a chur leis an bpost i litir chláraithe réamhíoctha go dtí an tomhaltóir, go mbeartaíonn an t-údarás sláintíochta iarratas a dhéanamh chun na Cúirte ar ordú scoir uisce.

2. Déanfar an t-éileamh tosaigh, na cuimhneacháin, na fógraí rabhaidh agus an fógra deiridh a dhíriú chuig an tomhaltóir ag an seoladh arb ina leith a sholáthraítear an soláthar uisce nó, i gcás go bhfuil seoladh le haghaidh seirbheála tugtha, ag an seoladh sin.

3. I gcás nach féidir ainm an tomhaltóra a fháil amach le fiosrú réasúnach, féadfar an t-éileamh tosaigh, na cuimhneacháin, na fógraí rabhaidh nó an fógra deiridh a dhíriú chuig "an tomhaltóir" gan an tomhaltóir a ainmniú.

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
BÓTHAR BHAILE UÍ BHEOLÁIN, CILL MHAIGHNEANN,
BAILE ÁTHA CLIATH 8, D08 XAO6.
Teil: 046 942 3100
r-phost: publications@opw.ie
nó trí aon díoltóir leabhar.

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
MOUNTSHANNON ROAD, KILMAINHAM,
DUBLIN, D08 XAO6.
Tel: 046 942 3100
Email: publications@opw.ie
or through any bookseller.

€1.27

Wt. 107787. 42. 6/23. Essentra. (93711). Gr.30-15.

9 781399 303873